Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Nollaig 2021**
**(OR. en)**

**14740/21**

**COPS 462**
**CIVCOM 177**
**POLMIL 227**
**CFSP/PESC 1204**
**CSDP/PSDC 643**
**RELEX 1067**
**JAI 1359**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14674/21 COPS 454 CIVCOM 174 POLMIL 221 CFSP/PESC 1193 CSDP/PSDC 635 RELEX 1049 JAI 1339 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le comhshocrú sibhialtach CBSC |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le comhshocrú sibhialtach CBSC mar a ghlac an Chomhairle iad ag an gcruinniú a bhí aici an 13 Nollaig 2021.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE COMHSHOCRÚ SIBHIALTACH CBSC

1. Cuireann an Chomhairle chun suntais an rannchuidiú tábhachtach a dhéanann misin shibhialtacha CBSC leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta mar uirlis thábhachtach faoi chuimsiú Chur Chuige Comhtháite an Aontais i ndáil le Coinbhleachtaí agus Géarchéimeanna Seachtracha agus cuireann sí a buíochas in iúl do na mná agus na fir a bhíonn ag fónamh sna misin sin. Meabhraítear don Chomhairle gurb é neart uathúil an Aontais ó thaobh géarchéimeanna a bhainistiú agus a chosc a ábalta atá sé sócmhainní agus acmhainní, idir shibhialta agus mhíleata, a imscaradh. I ndáil leis an méid sin, cuireann sí i bhfios go láidir gur gá feabhas a chur ar na sineirgí idir an tslándáil inmheánach agus an tslándáil sheachtrach, idir an tslándáil agus an fhorbairt, mar aon leis an ngá feabhas a chur ar na sineirgí idir gnéithe sibhialtacha agus míleata CBSC.

2. Meabhraítear don Chomhairle gur ghlac sí féin agus ionadaithe rialtais na mBallstát an comhshocrú sibhialtach CBSC, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle i mí na Samhna 2018, agus athdhearbhaíonn sí a gealltanas iomlán go ndéanfaí CBSC sibhialtach níos cumasaí, níos éifeachtaí, níos solúbtha agus níos freagraí, agus níos comhpháirtí chomh maith.

3. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil tosaíochtaí Feira maidir leis an bpóilíneacht, an smacht reachta agus an riarachán sibhialta, chomh maith le hAthchóiriú na hEarnála Slándála agus le cúraimí faireacháin, i gcroílár mhisin shibhialtacha CBSC de chuid an Aontais i gcónaí. Agus timpeallacht slándála atá ag athrú de shíor ann, is gá próiseas measúnúcháin agus machnaimh rialta a bheith ann chun a áirithiú go mbeidh sainorduithe mhisin shibhialtacha CBSC oiriúnach don fheidhm i gcónaí. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thuilleadh rannchuidiú lárnach mhisin shibhialtacha CBSC le freagairt níos leithne an Aontais chun dul i ngleic le dúshláin slándála, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an imirce neamhrialta, le bagairtí hibrideacha, leis an gcibearshlándáil, leis an sceimhlitheoireacht agus leis an radacú, leis an gcoireacht eagraithe, le bainistiú teorainneacha agus leis an tslándáil mhuirí, chomh maith leis an antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac. Cuireann sí chun suntais freisin gur gá cur leis na hiarrachtaí, lena n-áirítear saineolas a fhorbairt i gcás inarb iomchuí chun an oidhreacht chultúrtha a chaomhnú agus a chosaint, i gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chuige an Aontais i leith na hoidhreachta cultúrtha i gcoinbhleachtaí agus i ngéarchéimeanna.

4. Meabhraítear don Chomhairle rannchuidiú mhisin shibhialtacha CBSC chun athléimneacht na dtíortha comhpháirtíochta a neartú. Cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá úinéireacht áitiúil agus rannpháirtíocht i dtaca le CBSC sibhialtach, agus gur cheart tairbhe don tír óstach a bheith mar ghné thábhachtach de ghníomhaíochtaí na misean.

5. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir freisin a thábhachtaí atá sé feasacht staide, cumais anailíseacha agus athléimneacht na misean a neartú, chomh maith le dul i ngleic le bagairtí hibrideacha, lena n-áirítear bréagaisnéis agus cúbláil faisnéise. Iarrann sí freisin bagairtí agus dúshláin slándála a chur san áireamh, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an athrú aeráide agus le díghrádú an chomhshaoil. Admhaíonn an Chomhairle éifeachtaí na digiteála ar shlándáil na hEorpa agus cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an nuálaíocht theicneolaíoch do CBSC sibhialtach. Molann an Chomhairle go gcuirfí le huirlisí agus le hionstraimí an Aontais atá ann cheana nuair is féidir.

6. Molann an Chomhairle an dul chun cinn foriomlán dearfach atá déanta maidir le comhshocrú sibhialtach CBSC a chur chun feidhme, ar an leibhéal náisiúnta ag na Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais ag seirbhísí SEGS agus an Choimisiúin. Agus comhshocrú sibhialtach CBSC ag dul isteach sa bhliain feilire iomlán deiridh dá chur chun feidhme, athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé a áirithiú go gcuirfear chun feidhme na gealltanais go léir i gcomhshocrú sibhialtach CBSC go hiomlán agus go comhleanúnach a luaithe is féidir, faoi thús shamhradh 2023 ar a dhéanaí.

7. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle an gealltanas láidir a thug na geallsealbhóirí go léir ag an gComhdháil Athbhreithnithe Bhliantúil ar Chomhshocrú Sibhialtach CBSC (CAB), a bhí ar siúl an 19 Samhain 2021, chun an Comhshocrú a chur i gcrích ina iomláine. Is díol sásaimh don Chomhairle na garspriocanna a moladh do 2022 lena n-aithnítear na trasnaisc idir réimsí éagsúla an Chomhshocraithe agus lena dtreoraítear an bealach chun cinn don bhliain atá le teacht lena n-áirítear go háirithe ach nach n-eisiatar na gníomhaíochtaí eile a leanas:

a) Leanfaidh na Ballstáit go gníomhach den obair maidir lena bpleananna náisiúnta cur chun feidhme lena n-áirítear trí mhalartú neamhfhoirmiúil na taithí sin agus na gceachtanna a foghlaimíodh d'fhonn rannchuidiú níos mó le CBSC sibhialtach a mhéadú a thuilleadh agus líon na saineolaithe ar iasacht sna misin a mhéadú. Féadfaidh struchtúir agus saoráidí náisiúnta nó ilnáisiúnta, an tIonad Eorpach Barr Feabhais um Bainistiú Géarchéime Sibhialtach ina measc, tacaíocht a chur ar fáil do na Ballstáit, de réir mar is iomchuí, agus struchtúir an Aontais atá ann cheana a chomhlánú go hiomlán agus chun tacú leo freisin;

b) Tacóidh SEGS agus seirbhísí an Choimisiúin, i gcás inarb iomchuí, leis na Ballstáit ina gcuid oibre chun cumais, acmhainneachtaí agus inniúlachtaí a cheapadh agus a sholáthar atá riachtanach chun go mbeidh an tAontas in ann tabhairt faoi raon iomlán mhisin shibhialtacha CBSC a bhainistiú. Feabhsófar a thuilleadh córais bainistíochta acmhainní daonna, lena n-áirítear, inter alia, trí athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas agus nósanna imeachta earcaíochta CBSC do na misin, oiliúint iomchuí a chur ar fáil, timpeallacht oibre níos fabhraí a chur chun cinn trí scrúdú a dhéanamh ar gach rogha chun beartas níos cuimsithí don teaghlach a chruthú le haghaidh misin íseal-riosca go meán-riosca, agus athbhreithniú a déanamh ar an gCód Iompair agus Smachta i gcomhar leis na Ballstáit, agus chomh maith leis sin trína áirithiú go gcuirfear an cód sin i bhfeidhm ar bhealach héifeachtach;

c) Tacóidh SEGS leis na Ballstáit chun Beartas an Aontais maidir le hOiliúint don CBSC a chur chun feidhme agus a athbhreithniú, ag áirithiú go mbainfear lánúsáid as saoráidí oiliúna náisiúnta trí na treoirlínte cur chun feidhme a thabhairt cothrom le dáta agus tríd an gcomhchlár oiliúna sibhialtach-míleata CBSC a sheoladh le linn 2022, lena bhféachfar oiliúint níos éifeachtaí agus níos ábhartha do CBSC a áirithiú, lena n-áirítear oiliúint teanga, agus na tosaíochtaí agus na ceanglais shainaitheanta a chomhlíonadh. Bunaithe ar an bpróiseas le haghaidh anailís ar riachtanais oiliúna a tosaíodh i Márta 2020, is éard a bheidh sa tacaíocht dea-chleachtais a roinnt, comhairle a thabhairt maidir le dúbláil a sheachaint, aghaidh a thabhairt ar bhearnaí agus moltaí a thabhairt maidir le hord tosaíochta. Ba cheart cur chuige níos caighdeánaithe maidir le hoiliúint a shaothrú trí Ghrúpa an Aontais um Oiliúint Sibhialtach. D'fhéadfadh an Coláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint a bheith bainteach, de réir mar is iomchuí;

d) Oibreoidh na Ballstáit, SEGS agus seirbhísí an Choimisiúin chun CBSC sibhialtach níos éifeachtaí, níos solúbtha agus níos freagrúla a bhaint amach trí úsáid a bhaint as gach modh dá bhfuil ar fáil, amhail modheolaíocht pleanála oibríochtúla a fhorbairt mar aon le is an gcroí-acmhainneachtnfreagrúlachta, an stóras straitéiseach, foirne speisialaithe agus saineolaithe ar cuairt. Molfar na módúlachtaí a d'fhéadfaí a úsáid chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar oibríochtúil na misean agus iarrachtaí ábhartha a rinneadh roimhe seo á gcur san áireamh;

e) Cuireann na Ballstáit, SEGS agus seirbhísí an Choimisiúin príomhshruthú níos doimhne agus níos córasaí ar fáil maidir leis an gcomhionannas inscne agus maidir le cearta an duine i ngach gníomhaíocht agus cuireann siad méadú ionadaíocht agus rannpháirtíocht na mban sa CBSC chun cinn go gníomhach ar gach leibhéal, go háirithe i bpoist cheannaireachta, lena n-áirítear trí thionscnaimh chun a rannpháirtíocht a éascú, agus aird iomlán á tabhairt ar Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil agus rúin ina dhiaidh sin;

f) Cuirfidh na Ballstáit, SEGS agus seirbhísí an Choimisiúin tograí nithiúla i láthair maidir le cur chun feidhme cur chuige níos comhtháite agus obair leantach a dhéanamh i ndáil leis sin, agus leas á bhaint as raon leathan bheartais agus ionstraimí an Aontais, agus ag an am céanna rachaidh siad thar an gcomhairliúchán frithpháirteach agus malartú faisnéise atá ann faoi láthair, agus déanfaidh siad iarracht comhlántacht agus sineirgí níos fearr a bhaint amach le, inter alia, clársceidealú cúnaimh forbartha an Choimisiúin, le gníomhaíochtaí eile de chuid an Aontais agus na mBallstát agus píolótaí sa réimse á gcur san áireamh;

g) Leantar de na hiarrachtaí chun sineirgí agus comhlántacht idir an ghné shibhialtach agus mhíleata de CBSC a neartú, agus ag an am céanna a róil shainiúla, a gcineál sainiúil, a slabhraí ceannais agus a bpróisis earcaíochta agus bunú fórsaí á n-urramú, lena n-áirítear trí chomhordú agus comhar struchtúir ceannais CBSC a chur chun cinn ar an leibhéal straitéiseach, amhail an Comhaonad um Chomhordú Tacaíochta, agus sa mhachaire;

h) Cothaíonn na Ballstáit, SEGS agus seirbhísí an Choimisiúin comhar agus sineirgí níos dlúithe a threisíonn a chéile idir CBSC sibhialtach,gníomhaithe CGB (lena n-áirítear aireachtaí ábhartha, gníomhaireachtaí rialtais agus meithleacha na Comhairle), chomh maith le seirbhísí an Choimisiúin agus gníomhaireachtaí CGB, i gcomhréir lena sainorduithe dlíthiúla faoi seach. Baintear an méid sin amach trí fhor-rochtain agus trí shaineolas a bhaineann le CGB a neartú laistigh de struchtúir ábhartha CBSC agus cuirtear san áireamh freisin iarrachtaí leanúnacha i réimse na slándála inmheánaí trí thionscadail an Ardáin Eorpaigh Ildisciplínigh i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT). D'fhéadfaí tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'úinéireacht pholaitiúil chomhar CBSC-CGB agus d'fhéadfaí tacaíocht pholaitiúil bhreisea mheas don obair leantach;

i) Ba cheart mionchoincheapa a úsáid mar ionchur don phleanáil straitéiseach agus oibríochtúil, agus na ceachtanna a foghlaimíodh i misin shibhialtacha CBSC á gcur san áireamh agus chun rannchuidiú le hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin slándála thuasluaite. Ba cheart cruinnithe comhpháirteacha a thionól idir meithleacha ábhartha na Comhairle, lena n-áirítear chun plé a dhéanamh ar na mionchoincheapa atá fós ann;

j) Iarrachtaí a threisiú chun feabhas a chur ar chomhpháirtíochtaí atá chun tairbhe an dá thaobh maidir le saincheisteanna coiteanna i ndáil le beartas agus caighdeáin, lena n-áirítear *inter alia* forbairt maidir le cumas sibhialtach, le heagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta agus le tíortha comhpháirtíochta a bhfuil luachanna agus cuspóirí an Aontais acu, agus lánurraim á tabhairt do chreat institiúideach an Aontais. Tabharfar tuilleadh tacaíochta don chomhar le Tríú Stáit, chomh maith lena rannchuidiú le misin shibhialtacha CBSC ar bhonn cás ar chás, i gcomhréir le prionsabail agus nósanna imeachta comhaontaithe an Aontais;

k) Cuirfidh na Ballstáit agus SEGS le hinfheictheacht CBSC shibhialtaigh chun feasacht a chruthú maidir le breisluach na hoibre a dhéanann misin shibhialtacha CBSC agus chun tacaíocht a fháil ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon, lena n-áirítear i measc na n-údarás náisiúnta, amhail parlaimintí, aireachtaí líne agus gníomhaireachtaí agus an tsochaí shibhialta. I ndáil leis an méid sin, ba cheart do na misin leanúint dá gcumarsáid straitéiseach a fhorbairt.

8. Iarrann an Chomhairle ar na geallsealbhóirí go léir garspriocanna na bliana seo chugainn a chur chun feidhme, chomh maith leis na gealltanais uile atá fós ann faoi chomhshocrú sibhialtach CBSC. Cuireann an Chomhairle chun suntais a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí nuashonrú tráthrialta agus plé ardleibhéil chun an dul chun cinn atá déanta a mheas agus chun infheictheacht CBSC shibhialtaigh a fheabhsú.

9. Meabhraítear don Chomhairle go dtreorófar níos mó leibhéal na huaillmhéine leis an gcompás straitéiseach chomh maith le treoshuímh bheartais agus spriocanna agus cuspóirí sonracha a shainiú i réimse na slándála agus na cosanta, lena n-áirítear maidir le CBSC sibhialtach, lena léirítear an ról atá aige i mbosca uirlisí an Aontais don tSlándáil agus don Chosaint. A luaithe a chomhaontófar an compás straitéiseach, cuirfidh na Ballstáit, SEGS agus seirbhísí an Choimisiúin tús le machnamh straitéiseach ar an mbealach amach romhainn maidir le CBSC sibhialtach.